# *Mo Scéal:* Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil - Eolas do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir, a chara,

Isam tábhachtach, spreagúil é an ghluaiseacht ón réamhscoil go dtí an bhunscoil do pháistí agus dá dteaghlaigh. Ag an am céanna, is féidir leis a bheith mar ábhar áirithe imní. Is féidir linn go léir comhoibriú le chéile chun tacaíocht a thabhairt do pháistí lena linn seo trí chabhrú leo a bheith dearfach agus muiníneach faoin athrú. Cabhróidh dea-chaidreamh, cumarsáid rialta idir réamhscoil do pháiste, tú féin agus an bhunscoil nua san áireamh, leis seo. Tuairisc atá i *Mo Scéal*, inar féidir le réamhscoil do pháiste eolas úsáideach faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt do pháiste a roinnt sa bhliain sula dtéann sé/sí ar scoil. Ciallaíonn *Mo Scéal* 'my story' as Béarla and cabhraíonn an tuairisc leis an réamhscoil scéal do pháiste a insint – na rudaí a thaitníonn leo, na rudaí nach dtaitníonn leo, a gcuid spéiseanna, a gcuid láidreachtaí agus a gcuid dúshlán. Cineál 'grianghraf d'am áirithe' de do pháiste atá ann sar a thosaíonn sé/sí ar naíonáin shóisearacha.

### Tá ceithre roinn i *Mo Scéal*

- **Cuid 1** don cleachtóir chun eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt do pháiste a roinnt.
- **Cuid 2** duitse, an tuismitheoir/an caomhnóir, chun eolas a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don scoil faoi do pháiste a roinnt.
- **Cuid 3** do do pháiste. Tabharfar cuireadh dó/di pictiúr a tharraingt nó grianghraf a roinnt leis an scoil.
- **Cuid 4** inar iarrtar cead ort chun cóip de thuairisc do pháiste a roinnt leis an mbunscoil.

**Cuid 4: Cead chun eolas a roinnt leis an mbunscoil**

Tabharfar cóip den tuairisc *Mo Scéal* duit le coimeád agus iarrfar ort chomh maith cead a thabhairt don réamhscoil an tuairisc a roinnt le bunscoil nua do pháiste. Iarrfar ort freisin an bhfuil tú sásta go bpléifeadh an réamhscoil agus an bhunscoil ábhar na tuairisce.

Ní bheidh ort cinneadh faoi seo a dhéanamh go dtí go mbeidh an tuairisc iomlán faoi do pháiste léite agat. Ní féidir an tuairisc a chur chuig an scoil gan cead uaitse. Má ta ceist ar bith agat, nó ábhar buartha faoi cad atá i gceist, is féidir leat labhairt leis an gcleachtóir réamhscoile.